



## Sonraíocht Poist

### Feidhmeannach Airgeadais, Réadmhaoine an Ghrúpa CIÉ

Tacaíonn an Fheidhmeannacht Airgeadais le Roinn Réadmhaoine an Ghrúpa CIÉ chun riarachán laethúil an chórais bainistíochta réadmhaoine (Qube) agus na bhfeidhmeanna infhaighte cuntas a chinntiú.

#### Dualgais agus Freagrachtaí

- Riarachán a dhéanamh ar gach gné den fheidhm infhaighte cuntais, lena n-áirítear sonraisc a chruthú do thionóntaí, ráitis tionónta a chur ar fáil, rialú creidmheasa agus bainistíocht ar riaráistí tionóntaí.
- Riarachán a dhéanamh ar Chóras Qube maidir le gach tionóntacht agus ordlathas réadmhaoine a chothabháil.
- Bainistíocht a dhéanamh ar shocruithe Qube agus leasuithe ar thionóntachtaí nua agus tionóntachtaí atá ann cheana.
- Idirchaidreamh a dhéanamh le bainisteoirí comhad maidir le dátaí deiridh muirir/léasa agus athbhreithnithe dialainne.
- Custaiméirí a bhunú agus sonraisc a chruthú a bhaineann le hiarratais ar thaighde teidil.
- Sonraisc/nótaí creidmheasa a ghiniúint le haghaidh muirir leanúnacha, bhreise agus aonuaire.
- Monatóireacht a dhéanamh ar bhoscaí isteach ríomhphoist le cumarsáid ó thionóntaí, ó thríú páirtithe agus ó bhainisteoirí comhad araon.
- A chinntiú go roinntear faisnéis a thagann chuig an rannóg airgeadais leis an suirbhéir cuí.
- Slándáil a choinneáil agus rochtain ar an gcóras Qube a shrianadh.
- Athbhreithniú tréimhsiúil ar fhéichiúnaithe aosta idir an bainisteoir airgeadais agus an bainisteoir comhad.

#### Eolas, Scileanna agus Taithí

- Uimhearthacht agus cruinneas.
- Liteartha ríomhaireachta le heolas domhain oibre ar Excel, Word agus ar fheidhmchláir Microsoft eile, buntáiste a bhaineann le córas bainistíochta réadmhaoine.
- Scileanna idirphearsanta éifeachtacha.
- Ag obair as a chonlán féin.
- A bheith ag obair chuig spriocdhátaí.
- Is buntáiste é taithí a bheith ag an iarrthóir ar SAP.
- Tá taithí i mBainistíocht Réadmhaoine ina bhuntaiste.

## Caidreamh Tuairiscithe

- Ag tuairisciú don Bhainisteoir Airgeadais, Réadmhaoin an Ghrúpa
- Comhghleacaithe le Réadmhaoin an Ghrúpa

## Bearta Feidhmíochta

- Sonraisc & ráitis tionóntaí a chruthú go tráthúil
- Freagra tráthúil ar iarratais agus ar cheisteanna maidir le hathrú inmheánach agus seachtrach
- Laghdú ar fhéichiúnaithe aosta

## Chun Iarratas a Dhéanamh

Má tá suim agat sa ról, seol CV agus litir tacaíochta chuig: [recruitment@cie.ie](mailto:recruitment@cie.ie)

**Dé Céadaoin, an 28 Feabhra 2024 an dáta deiridh le haghaidh iarratas**